AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uiṁ. 12. Aoine, 19ú Márta, 1965.

Scaipfear Airgead Gaeltaċta sa Ġalltaċt Feasta

Aṫrú ċun donais ar ṗolasaí Roinn na Gaeltaċt

Ní cuspóir don Roinn saoṫrú seasta sa Ġaeltaċt

Tá méadú i ḃfad níos lú ná mar ḃiṫear ag súil leis i meastaċán Roinn na Gaeltaċta de réir leabar na meastaċán a foillsíoḋ an tseaċtain seo caite.

Ḃiṫear a rá go mbeaḋ breis agus milliún punt don Ġaeltaċt i mbliana, rud a ḃí le tuiscint as figiúirí an ḃota i gCuntas aċ níl i ḃóta iomlán Roinn na Gaeltaċta aċ £954,700.

Is ionann seo agus £321,503 níos mó nó anuraiḋ, oiread go leiṫ in ionad ḋá oiread ḃóta na bliana anuraiḋ.

Aċ ní mór d'ábar cainte ag tacadóirí na Gaeltaċta é nó is rud adeir siad muna dtearnaḋ a ḋáṫ don Gaeltaċt anuraiḋ gur beag an difir idir oiread go leiṫ agus dá oiread sin.

Níl réitiú díreaċ ar biṫ déanta sa Meastaċán ar airgead a ċaiṫeaṁ le obair ṫairbiúil a ċur ar fáil don Gaeltaċt.

Taoḃ amuiġ de ardú £20,000 ar ḋeontas i gCabair Gaeltarra Éireann is ar na seana deontaisí agus faoisiṁ atá an t-airgead á caiṫeaṁ arís agus ní léir go ḃfuil fiú de ċuspóir leo saoṫrú seasta a ṡoláṫar.

Sé an t-aṫrú is bunúsaí sa Ṁeastaċán ná go mbeiḋ airgead ḃotáilte na Gaeltaċta a scabaḋ go flúirseaċ ar eagrais agus aicmí sa Ġalltaċt anois.

Ḃéarfaiḋ Roinn na Gaeltaċta, don ċéad uair riaṁ £21,000 do Comḋáil Náisiúnta na Gaeilge, £3,500 do drámaíoċt i mBaile Áṫa Cliaṫ, £3,000 don Oireaċtas agus £24,000 do "eagrais eile."

Ina ṫeannta sin scaipfiḋ siad £48,000 ar ṫuismiṫeoirí sa Ġalltaċt lena bpáistí a ċur ar saoire sa Ġaeltaċt, ḃéarfaiḋ siad £6,000 do Gael-Linn ċun scannain a ḋéanaṁ agus meastar go dtaḃairfiḋ siad timpeall £17,000 do Inniu, páipéar seaċtainiúl Gaeilge do ḟoġluimṫeoirí, £3,000 do Comair, páipéar míosúil luċt iolscoile, £3,000 do Feasta, páipéar míosúil Connraḋ na Gaeilge agus £2,000 don Ultaċ, páipéar míosúil a cuirtear amaċ i mBéal Feirste.

Is léir ó seo go ḃfuil aṫrú bunúsaċ polasaí tugṫa i gcríċ gan ċaint gan fógra agus go ḃfuil deire le Roinn na Gaeltaċta agus Roinn na Gaeilge ina ionad.

Aċ cad ċuige naċ dtearnaḋ an t-aṫrú seo go poiblí agus fógra cuí a ṫaḃairt don Dáil agus don tír?

Ardaiṫe

Ar na príoṁ aṫraiṫe sna coda fa leiṫ den Ṁeastaċán tá ardú £13,600 ar tuarastail costaisí taistil agus oifige, £29,000 do na gnáṫ deontaisí tiṫe, £153,000 ar scéimeanna feabsúċáin, £80,900 ar scéimeanna cultúrṫa, £56,000 do eagrais Gaeilge, agus £20,000 breise do Gaeltarra Éireann.

Gaeltarra Éireann

Ḃí sé le tuiscint go mbeaḋ oibreaċa móra ar siúl ag Gaeltarra Éireann don Gaeltaċt i mbliana. Aċ más £20,000 breise atá á ṫaḃairt ċuige is deacair a ḟeiceáil go gcuirfiḋ siad obair ṫairbiúil ar fáil do mórán.

Seo tíos príoṁ rannóga an Meastaċáin faoi mar atá sé foillsiṫe:—

Roinn na Gaeltaċta

1. Meastaċán ar an méid a ḃeiḋ ag teastáil sa ḃliain dar críoċ an 31 Márta, 1966, le haġaiḋ Tuarastáil agus Costais Roinn na Gaeltaċta, maille le Deontais le hAġaiḋ Tiṫe agus Ildeontais-i-gCabair.

2. Na Fo-Ṁírcinn faoina dtaḃarfaiḋ Oifig Aire na Gaeltaċta cuntas maidir leis an Ḃóta seo.

(Ar lean. ar leath. 8)

Eagarḟocal. 19-3-1965

Aṫrú gan iomra

Is beag rud le blianta anuas ar canoḋ oiread faoi agus ar scríoḃaḋ oiread faoi leis an Ṗáipéar Bán. Tugaḋ poiblíoċt go leor do beagnaċ gaċ uile rud dá raiḃ ann agus cáineaḋ cuid agus molaḋ cuid eile.

Aċ is beag tráċt a ḃí ar ceann de na haṫraiṫe is mó ceann a ċuir deire i ndáiríriḃ le Roinn na Gaeltaċta mar Roinn Gaeltaċta. Ní raiḃ sé seo i moltaí an Ċoimisiúin ċor ar biṫ aċ ḃí sé mar aguisín (uiṁir 4) a ṡíniġ baill Ċonnraḋ na Gaeilge ar an Ċoimisiún inar ḋúraḋ "molaimíd go gcuirfí riaraḋ na scéimeanna Gaeilge uile, sa méid naċ mbaineann sin go sonraċ le haon Roinn eile Stáit ar Roinn na Gaeltaċta agus go n-aiṫneófaí an Roinn sin feasta mar Roinn na Gaeltaċta agus na Gaeilge." Níor ġlac an Coimisiún ina iomláine le sin aċ is léir anois go ḃfuil glacṫa ag an Rialtas leis.

Ní deirtear sa Ṗáipéar Bán aċ go ḃfuil sé ar ḟeiḋmeanna reaċtúla Roinn na Gaeltaċta . . . "nó a ḃaineas leis an gcuspóir náisiúnta an Ġaeilge d'aṫḃeoċaint" agus gurb é mian an Rialtais é go mbeaḋ teaċt go díreaċ ag gaċ ceann de na heagraíoċta deonaċa Gaeilge ar Roinn na Gaeltaċta d'ḟonn feiḋmniú an ḃeartais a léirítear sa Ṗáipéar Bán seo a éascú. Ḃí sé seo coṁ héigcinte agus nar cuireaḋ mórán suime ann aċ mar cuid den gnáċaint agus gná gríosú ginearálta.

Tá sé soiléir anois go raiḃ i ḃfad níos mó nó seo san fóráil ṫuas agus go ḃfuil glacṫa go hiomlán ag an Rialtas le fo ṁolaḋ an mionlaċ de baill Connraḋ na Gaeilge. Fós féin ní ḋearnaḋ aon ḟógra faoi aċ go ḃfuil sé folaiṫe i meastaċán na Roinne atá foillsiṫe san eagrán seo d'AMÁRAĊ. Ins na tuairiscí ar leaṫanaċ eile tá sé le feiscint go ḃfuil Roinn na "Gaeltaċta" anois ag taḃairt deontaisí do Comḋáil Náisiúnta na Gaeilge, drámaíoċta i mBaile Áṫa Cliaṫ, an tOireaċtas, páipéirí Galltaċta agus rudaí den tsaġas sin. Ní Roinn na Gaeltaċta a ṫuille í mar sin. Ṫairis sin, is soiléir naċ ḃfuil anseo aċ ceann caol an ṁaide agus gur i méid a ḃéas deontaisí na Galltaċta ag dul feasta agus gur ag ísliú a ḃéas fé'n gcéadṁoḋ na Gaeltaċta de. Níl Roinn anois a ċ eagras aṫḃeoċána.

Roinn na Gaeilge is cóir a ṫaḃairt ar an Roinn feasta agus guímid raṫ ar a cuid oibre agus ċuile seans go n-éireóiḋ níos fearr leo i gcúrsaí aṫḃeoċána ná mar a d'éiriġ leo leis an Ġaeltaċt. Sí an ċeist anois nó céard tá le déanaṁ leis an Ġaeltaċt.

Cibé ar biṫ, níl aon rud sa Ṁeastaċán le obair ṫairbiúil a soláṫar do ṗobal na Gaeltaċta lasmuiġ de £20,000 breise do Gaeltarra Éireann ⁊ ní mór an méid obair ṫairbiúil a ċuirfí ar fáil ar fiċe míle punt.

Má tá plean don Ġaeltaċt i gceist is lán miṫid a ḟoillsiú. Muna ḃfuil is miṫid sin a ḟógairt sa gcaoi gur féidir le pobal na Gaeltaċt slí beaṫa eile a ṫarraċ orṫa agus eolas cinte a ṫaḃairt don ṗobal gurb é atá i gceist an Ġaeilge a aiṫḃeoċan gan an Ġaeltaċt.

Gaeilge i nGlascú

Tearmanas agus caidreaṁ sa teanga ḋúċais

Dé Domnaiġ seo caite, Domnaċ an 14ú Márta, ḃí seirbís iomlán Gaelaċ. Beannaċt agus seanmóir i dteaċ pobail Naoṁ Eoin, Glascú. Ḃí na paidirín, an seanmóir, na moltaí diaḋa, na hurnaí, na himeanna, ar fad as Gaeilge.

Ḃí an tAṫair Seán Mac Eiteagáin, S.P., An Ċarraig, ṫall leis an seanmóir a ṫaḃairt. Iníon Uí Arḃaí, M.A., a ḃí ina h-Árd-Ṁáistir ar Scoil Naoṁ Eoin a ṫrénáil an cór, agus ar na dánta a ċan siad ḃí "Dóċas Linn Naoṁ Pádraig" agus aṁráin eile in onóir do Ṗatrún na hÉireann. Ġlac baill Ċonraḋ na Gaeilge i nGlascú páirt ins an ceiliúraḋ fosta.

Ḃí a Ġrása, an Dr. Sár Oirṁinneaċ Séamas Dónal Scannláin, Ard-Easpag, Ġlascú, i gceannas.

Ḃí an ċéad seirḃís Gaelaċ i nGlascú i 1902 san Teaċ Pobail céanna, Teaċ Pobail Naoṁ Eoin, nuair a ċuaiġ an tAṫair Ó Cuinneagáin, S.C., Gaoṫ Doḃair, anonn leis an seanmóir a ṫaḃairt, ar iarratas Ċonraḋ na Gaeilge i nGlascú.

Ar ċoiste den Ċonraḋ a rinn na socraiṫe den ceiliúraḋ sin ḃí: Cormac Mac Giollaíosa, Donnċa Ó Brógáin agus an Dr. Seosaṁ Ó Scannláin. Ba é an Dr. Ó Scannláin sin, duine de ḃunaiṫeoirí Ċonraḋ na Gaeilge i nGlascú in 1896, aṫair Ard-Easpag Ġlascú, san am i láṫair, agus dála an scéil, tá mac le Donnċa Ó Brógáin, Sir Denis Brogan, i n-a ollaṁ i gCambridge, i láṫair na huaire, agus eolas maiṫ air Telefís na Sasana.

Ḃí Teaċ Pobail Naoṁ Eoin pacáilte Dé Domnaiġ seo caite. Meastar go ḃfuil níos mó Gaeilgeoirí i nGlascú, agus insan ċomarsanaċt ná mar atá i bparáiste ar biṫ i nGaeltaċt Dún na nGall. Agus ḃí tarraingt ar leiṫ acu ann, nuair a ḃí an tAṫair Mac Eiteagáin, ag taḃairt an tseanmóir, nó tá eolas air ar fud Ġaeltaċt Dún na nGall agus go speisialta i nGaoṫ Doḃair, an áit a raiḃ sé ina ṡagart i gCnoc Fola, le blianta fada.

Téacs an Ṗáipéar Ḃain fa'n Gaeltaċt

Iarraiḋ ṁór ar an téacs sa Ġaeltaċt

Is trua linn le brú mór nuaċt áitiúla gurb éigin dúinn téacs an ċaibidil den páipéar bán ag cur síos ar an Ġaeltaċt a ḟágáil siar. Toisc cuid mór ceisteanna fiosraiṫe agus litreaċa a ḃeiṫ á ċur isteaċ ċugainn faoi táimid ag taḃairt roint ṁaiṫ den ċaibidil anseo (ar leaṫanaċ 2) mar eolas do ṗobal na Gaeltaċta. Críoċnófar é go tapaiḋ agus ḃéas spás againn ċuige.

Níl aon ionadaí Gaeltaċta ar an 23 a hainmníoḋ ar an Ċomluċt Comairleaċ. Cé go ḃfuil duine a rugaḋ i gCorca Duibne, duine ó Tuar Ṁic Éada agus ó Ḋún na nGall ina measc ní daoine iad a ḃí ariaṁ gníomaċ i Muintir na Gaeltaċta nó ar son leas geilleagraċ na Gaeltaċta i gcoitinne.